comhar caomhán teoranta
Inis Oírr, Árainn, Cuan na Gaillimhe.

Comhar Caomhán Teo Inis Oírr, Co. na Gaillimhe

Tá folúntas fógartha do bhainisteoir le plean forbartha Comhar Caomhán Teo a chur i bhfeidhm.

Beidh an post seo lonnaithe in oifigí Chomhar Caomhán teo. Beidh ar an té a cheapfar an post a chomhlíonadh ón oifig seo le linn uaireanta oifige ón Luan go dtí an Aoine.

<u>Riachtanais an Phoist</u>

- Plean forbartha a chur i bhfeidhm agus forbairtí úra ar an oileán a thabhairt chun foirfeachta.
- Plé le rannóga agus eagraíochtaí stáit.
- Gníomhaíochtaí agus forbairtí pobail a spreagadh agus a chothú.
- Tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí forbartha agus cultúrtha a bhíonn á bpleanáil nó á reáchtáil ag coistí agus eagraíochtaí pobail.
- Cabhrú le cur chun cinn na Gaeilge agus feidhmiú phlean teanga ar an oileán. Beidh réimse na pleanála teanga agus feidhmiú Plean 20 Bliain don Ghaeilge lárnach in obair an Chomharchumainn.
- Ábalta taisteal go dtí an mhórthír le haghaidh cruinnithe rialta.
- Ceadúnas glan tiomána agus fáil ar charr ar an mórthír.
- Ardchaighdeán Gaeilge idir scríofa agus labhartha.
- Cáilíochtaí tríú leibhéal le taithí ar chóras riaracháin agus airgeadais.
- Scileanna maithe bainistíochta, cumarsáide agus idirphearsanta.
- Taithí mhaith ar fhorbairt pobail.
- Scileanna maithe cumarsáide agus idirphearsanta.
- Scileanna maithe ríomhaireachta, na meáin shóisialta san áireamh.
- Cumas oibriú as a stuaim féin.
- Bainistiú scéimeanna.

Tá an méid seo thuas mar threoir ghinearálta ar chúraimí agus ar fhreagrachtaí agus ní cur síos iomlán é.

Tá tuarastal tarraingteach leis an bpost seo ag brath ar thaithí agus cáilíochtaí.

Chun foirm iarratas a fháil seol ríomhphost ag info@discoverinisoirr.com

Seol foirm iarratais sa bposta nó ar ríomhphost chuig an seoladh thíos roimh 4.00 i.n. 02/10/2020.

An Cathaoirleach, Comhar Caomhán Teo, Inis Oírr, Árainn, Co. na Gaillimhe.

R-phost: info@discoverinisoirr.com Fón: 09975008